2024/3103

12.12.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/3103 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 451/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haicmiú táirgí de réir gníomhaíochta (CPA) a thabhairt cothrom le dáta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 451/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 lena mbunaítear aicmiú nua staidrimh ar tháirgí de réir gníomhaíochta (CPA) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3696/93 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ionas go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach, tá gá le caighdeáin staidrimh is infheidhme maidir le bailiú, tarchur agus foilsiú staidrimh náisiúnta agus Eorpaigh a chuireann ar a gcumas do ghnólachtaí, institiúidí airgeadais, rialtais agus gach oibreoir eile sa mhargadh inmheánach rochtain a bheith acu ar shonraí staidrimh iontaofa agus inchomparáide. Chuige sin, tá sé ríthábhachtach léirmhíniú aonfhoirmeach a bheith ann i ngach Ballstát ar na seasaimh éagsúla maidir le táirgí a aicmiú san Aontas.

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 451/2008 bunaíodh aicmiú comhchoiteann staidrimh ar tháirgí de réir gníomhaíochta ('CPA'), lena leagtar amach na ceanglais staidrimh tráth a ghlactha. Ní chomhlíonann na ceanglais sin riachtanais na timpeallachta teicneolaíche, struchtúr an gheilleagair ná na n-aicmithe idirnáisiúnta eacnamaíocha agus sóisialta ábhartha a thuilleadh.

(3) Ó tháinig an leagan is déanaí de CPA i bhfeidhm an 1 Eanáir 2015, tá an domhandú agus an digitiú tar éis athrú a dhéanamh ar an gcaoi a soláthraíonn go leor gníomhaíochtaí eacnamaíocha earraí agus seirbhísí. Tá tábhacht níos mó ag baint le hearraí agus seirbhísí nua agus tá tábhacht níos lú ag baint le hearraí agus seirbhísí eile i ngeilleagar domhandaithe an Aontais Eorpaigh. Tharla athruithe tapa freisin i dtimpeallacht na teicneolaíochta faisnéise. Ina theannta sin, leis an bhfeasacht mhéadaithe ar thionchar an gheilleagair ar an gcomhshaol, cruthaíodh gníomhaíochtaí speisialaithe chun an comhshaol a chosaint, rud a ghineann táirgí agus seirbhísí nua dá réir sin.

(4) Éilíonn comhsheasmhacht inmheánach an staidrimh Eorpaigh go bhfuil CPA nasctha go struchtúrach lena aicmiú tagartha Eorpach, aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach ('NACE')..

(5) Éilíonn inchomparáideacht idirnáisiúnta staidrimh eacnamaíoch go n-úsáidfidh na Ballstáit agus institiúidí an Aontais aicmithe táirgí atá nasctha go díreach leis an Aicmiú Lárnach Táirgí idirnáisiúnta ('CPC').

(6) Tar éis don Choimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 ([2]) ón gCoimisiún lena mbunaítear Nuashonrú 1 NACE Athbhreithniú 2 ('NACE Rev. 2.1') a ghlacadh, agus tar éis do Choimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe Leagan 3.0 de CPC ('CPC Vera ghlacadh. 3.0'), ba cheart CPA a oiriúnú chun a inchomparáideacht idirnáisiúnta agus a chomhsheasmhacht leis na caighdeáin maidir le haicmiú gníomhaíochta eacnamaíche a úsáidtear ar leibhéal an Aontais a choinneáil ar bun.

([1]) IO L 145, 4.6.2008, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/451/oj.
([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 (IO L 19, 20.1.2023, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/137/oj).

(7) D'fhonn réaltacht na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha reatha san Aontas a léiriú, ba cheart do CPA táirgí a eascraíonn as gníomhaíochtaí eacnamaíocha nua a mheas, ar gníomhaíochtaí iad atá indéanta mar thoradh ar fhorbairtí struchtúracha, eolaíocha agus teicneolaíocha a rinneadh le déanaí, agus mar thoradh ar earraí agus seirbhísí atá ag teacht chun cinn mar thoradh ar ghníomhaíochtaí atá ann cheana.

(8) Chun tacú le hiarrachtaí leanúnacha an Choimisiúin táirgeadh staidrimh Eorpaigh a nuachóiriú agus chun go rannchuideoidh CPA, trí shonraí níos inchomparáide agus níos ábhartha, le rialachas eacnamaíoch níos fearr ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, is gá CPA a thabhairt cothrom le dáta.

(9) Maidir leis na sonraí dá dtagraítear in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), níor cheart go mbeadh gá láithreach leis an aicmiú nuashonraithe a chomhlíonadh, toisc go bhfuil gá le tréimhse áirithe ama chun ligean do sholáthróirí sonraí oiriúnú do na ceanglais rialála nua.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh 451/2008 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 451/2008.

Airteagal 2

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2025, a mhéid a bhaineann le tarchuir sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat) a bhaineann le gach tréimhse thagartha dar tús an dáta sin nó dá éis. Mar sin féin, a mhéid a bhaineann leis na sonraí dá dtagraítear in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, beidh feidhm aige ón 1 Meán Fómhair 2029.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/549/oj).

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN

Aicmiú táirgí de réir gníomhaíochta, Leagan 2.2 (CPA Ver. 2.2)

(n.e.c.: nach aicmítear in áit ar bith eile)

Cód	Ceannteideal
A	TÁIRGÍ TALMHAÍOCHTA, FORAOISEACHTA AGUS IASCAIREACHTA
01	Táirgí talmhaíochta, sealgaireachta agus seirbhísí gaolmhara
01.1	Barra neamh-ilbhliantúla
01.11	Gránaigh, seachas rís, barra léagúmacha agus síolta ola
01.11.1	Cruithneacht
01.11.11	Cruithneacht chrua
01.11.12	Cruithneacht, seachas cruithneacht chrua
01.11.2	Arbhar Indiach
01.11.20	Arbhar Indiach
01.11.3	Eorna, seagal agus coirce
01.11.31	Eorna
01.11.32	Seagal
01.11.33	Coirce
01.11.4	Sorgam, muiléad agus gránaigh eile
01.11.41	Sorgam
01.11.42	Muiléad
01.11.43	Triteacál
01.11.49	Gránaigh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.11.5	Grántuí agus crotail ghránaigh
01.11.50	Grántuí agus crotail ghránaigh
01.11.6	Glasraí léagúmacha úra, gan scilligeadh
01.11.61	Pónairí úra, gan scilligeadh
01.11.62	Piseanna úra, gan scilligeadh
01.11.69	Glasraí léagúmacha úra, gan scilligeadh, nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.11.7	Glasraí léagúmacha triomaithe
01.11.71	Pónairí, atá tirim
01.11.72	Pónairí leathana, atá tirim
01.11.73	Sicphiseánaigh, atá tirim
01.11.74	Lintilí, atá tirim
01.11.75	Piseanna, atá tirim
01.11.76	Piseanna bó
01.11.77	Piseanna colúir, atá tirim
01.11.79	Glasraí léagúmacha triomaithe nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.11.8	Pónairí soighe agus piseanna talún

Cód	Ceannteideal
01.11.81	Pónairí soighe
01.11.82	Piseanna talún, sna blaoscanna
01.11.9	Síolta ola eile
01.11.91	Ros lín
01.11.92	Síolta mustaird
01.11.93	Síolta ráibe nó síolta colsa
01.11.94	Síolta seasamain
01.11.95	Síol lus na gréine
01.11.96	Síolta ola ricne
01.11.99	Síolta ola eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.12	Rís, gan scilligeadh
01.12.0	Rís, gan scilligeadh
01.12.00	Rís, gan scilligeadh
01.13	Glasraí agus mealbhacáin, fréamhacha agus tiúbair
01.13.1	Glasraí duilleacha nó glasraí gais
01.13.11	Lus súgach
01.13.12	Cabáistí
01.13.13	Cóiliseacha agus brocailí
01.13.14	Leitís
01.13.15	Siocairí
01.13.16	Spionáiste
01.13.17	Bliosáin
01.13.18	Glasraí duilleacha nó glasraí gais eile
01.13.2	Mealbhacáin
01.13.21	Mealbhacáin uisce
01.13.29	Mealbhacáin nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.13.3	Glasraí eile a thugann torthaí
01.13.31	Sillithe agus piobair (den speiceas Capsicum)
01.13.32	Cúcamair agus gircíní
01.13.33	Ubhthorthaí
01.13.34	Trátaí
01.13.39	Glasraí eile a thugann torthaí nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.13.4	Glasraí fréimhe, glasraí bleibíní nó glasraí tiúbracha
01.13.41	Cairéid agus tornapaí
01.13.42	Gairleog
01.13.43	Oinniúin
01.13.44	Cainneanna agus glasraí eile den chineál *alliaceae*
01.13.49	Glasraí fréimhe, glasraí bleibíní nó glasraí tiúbracha nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.13.5	Fréamhacha agus tiúbair inite a bhfuil méid mór stáirse nó ionúiline iontu

Cód	Ceannteideal
01.13.51	Prátaí
01.13.52	Prátaí milse
01.13.53	Casabhach
01.13.54	Taró
01.13.59	Fréamhacha agus tiúbair inite ina bhfuil cion ard stáirse nó ionúiline nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.13.6	Síolta glasraí, seachas síolta biatais
01.13.60	Síolta glasraí, seachas síolta biatais
01.13.7	Síolta biatais siúcra agus biatais siúcra
01.13.71	Siúcra biatais
01.13.72	Síolta biatais siúcra
01.13.8	Beacáin agus strufail
01.13.80	Beacáin agus strufail
01.13.9	Glasraí, úra, nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.13.90	Glasraí, úra, nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.14	Cána siúcra
01.14.0	Cána siúcra
01.14.00	Cána siúcra
01.15	Tobac neamh-mhonaraithe
01.15.0	Tobac neamh-mhonaraithe
01.15.00	Tobac neamh-mhonaraithe
01.16	Barra snáithín
01.16.0	Barra snáithín
01.16.01	Cadás, bíodh sé scilligthe nó ná bíodh
01.16.02	Siúit, ceineaf agus snáithíní eile cáiteoige teicstíle, atá amh nó portaithe
01.16.09	Barra snáithín nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.19	Barra neamh-ilbhliantúla eile
01.19.1	Barra foráiste
01.19.10	Barra foráiste
01.19.2	Bláthanna gearrtha agus bachlóga bláthanna; síolta bláthanna
01.19.21	Bláthanna gearrtha agus bachlóga bláthanna
01.19.22	Síolta bláthanna
01.19.3	Síolta biatais, síolta le haghaidh plandaí foráiste; amhábhair glasraí eile
01.19.31	Síolta biatais agus síolta le haghaidh plandaí foráiste
01.19.32	Amhábhair glasraí eile
01.2	Barra ilbhliantúla
01.21	Fíonchaora úra
01.21.0	Fíonchaora úra
01.21.01	Fíonchaora boird úra
01.21.02	Fíonchaora eile, úra

Cód	Ceannteideal
01.22	Torthaí úra trópaiceacha agus fothrópaiceacha
01.22.0	Torthaí úra trópaiceacha agus fothrópaiceacha
01.22.01	Abhacáid úra
01.22.02	Bananaí úra, plantáin úra agus a leithéidí
01.22.03	Dátaí úra
01.22.04	Figí úra
01.22.09	Torthaí úra trópaiceacha agus fothrópaiceacha nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.23	Torthaí úra citris
01.23.0	Torthaí úra citris
01.23.01	Pomalónna úra agus seadóga úra
01.23.02	Líomóidí úra agus líomaí úra
01.23.03	Oráistí úra
01.23.04	Táinséiríní úra, mandairíní úra, cleimintíní úra
01.23.09	Torthaí úra citris nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.24	Torthaí póma úra agus torthaí cloiche úra
01.24.1	Úlla úra
01.24.10	Úlla úra
01.24.2	Torthaí póma úra eile agus torthaí cloiche úra
01.24.21	Piorraí úra
01.24.22	Cainchí úra
01.24.23	Aibreoga úra
01.24.24	Silíní úra
01.24.25	Péitseoga úra
01.24.26	Neachtairíní úra
01.24.27	Plumaí úra
01.24.28	Airní úra
01.24.29	Torthaí póma úra eile agus torthaí cloiche úra nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.25	Torthaí agus cnónna eile crann agus tor
01.25.1	Caora agus torthaí an ghéinis vaccinium
01.25.11	Torthaí cíobhaí
01.25.12	Sútha craobh
01.25.13	Sútha talún
01.25.19	Caora agus torthaí an ghéinis vaccinium nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.25.2	Síolta torthaí
01.25.20	Síolta torthaí
01.25.3	Cnónna
01.25.31	Almóinní
01.25.32	Castáin
01.25.33	Cnónna coill

Cód	Ceannteideal
01.25.34	Cnónna piostáise
01.25.35	Gallchnónna
01.25.39	Cnónna nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.25.9	Torthaí agus cnónna eile crann agus tor nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.25.90	Torthaí agus cnónna eile crann agus tor nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.26	Torthaí olúla
01.26.1	Ológa
01.26.11	Ológa boird
01.26.12	Ológa chun ola olóige a tháirgeadh
01.26.2	Cnónna cócó
01.26.20	Cnónna cócó
01.26.3	Torthaí olúla eile
01.26.30	Torthaí olúla eile
01.27	Barra dí
01.27.0	Barra dí
01.27.01	Pónairí caife, nach bhfuil rósta
01.27.02	Duilleoga tae
01.27.03	Duilleoga maité
01.27.04	Pónairí cócó
01.27.09	Barra dí nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.28	Spíosraí, barra aramatacha, drugaí agus cógaisíochta
01.28.1	Spíosraí, gan phróiseáil
01.28.11	Piobar (den speiceas Piper), amh
01.28.12	Noitmig, maicis agus cardamaim, atá amh
01.28.13	Ainís, réalt-ainís, lus an choire, cuimín, cearbhas, finéal agus caora aitil, atá amh
01.28.14	Cainéal (canella), atá amh
01.28.15	Clóibh (gais iomlána), atá amh
01.28.16	Sinséar, atá tirim, amh
01.28.17	Fanaile, atá amh
01.28.19	Spíosraí, neamhphróiseáilte, nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.28.2	Buaircíní leannlusanna
01.28.20	Buaircíní leannlusanna
01.28.3	Plandaí a úsáidtear go príomha i gcumhradóireacht, i gcógaisíocht, nó le haghaidh feithidicídí, fuingicídí nó chun críoch comhchosúil
01.28.30	Plandaí a úsáidtear go príomha i gcumhradóireacht, i gcógaisíocht, nó le haghaidh feithidicídí, fuingicídí nó chun críoch comhchosúil
01.29	Barra ilbhliantúla eile
01.29.1	Rubar aiceanta
01.29.10	Rubar aiceanta

Cód	Ceannteideal
01.29.2	Crainn Nollag, atá gearrtha
01.29.20	Crainn Nollag, atá gearrtha
01.29.3	Ábhair phlandúla de chineál a úsáidtear go príomha le haghaidh trilseánú nó mar líonadh nó mar stuáil, nó i ndathú nó i súdaireacht
01.29.30	Ábhair phlandúla de chineál a úsáidtear go príomha le haghaidh trilseánú nó mar líonadh nó mar stuáil, nó i ndathú nó i súdaireacht
01.3	Ábhar plandaithe: beophlandaí, bleibeanna, tiúbair agus fréamhacha, beangáin agus slapair; pór beacán
01.30	Ábhar plandaithe: beophlandaí, bleibeanna, tiúbair agus fréamhacha, beangáin agus slapair; pór beacán
01.30.0	Ábhar plandaithe: beophlandaí, bleibeanna, tiúbair agus fréamhacha, beangáin agus slapair; pór beacán
01.30.00	Ábhar plandaithe: beophlandaí, bleibeanna, tiúbair agus fréamhacha, beangáin agus slapair; pór beacán
01.4	Ainmhithe beo agus táirgí ainmhithe
01.41	Eallach déiríochta, beo; bainne amh ó eallach déiríochta
01.41.1	Eallach déiríochta, atá beo
01.41.10	Eallach déiríochta, atá beo
01.41.2	Bainne amh ó eallach déiríochta
01.41.20	Bainne amh ó eallach déiríochta
01.41.3	Seamhan buaibheach de phórtha déiríochta
01.41.30	Seamhan buaibheach de phórtha déiríochta
01.42	Eallach agus buabhaill eile, atá beo agus a gcuid seamhain
01.42.1	Eallach agus buabhaill eile, atá beo
01.42.11	Eallach agus buabhaill eile, seachas laonna, atá beo
01.42.12	Laonna eallaigh agus buabhaill, atá beo
01.42.2	Seamhan buaibheach de phórtha feola
01.42.20	Seamhan buaibheach de phórtha feola
01.43	Capaill agus ainmhithe eile eachaí, atá beo
01.43.0	Capaill agus ainmhithe eile eachaí, atá beo
01.43.01	Capaill, atá beo
01.43.02	Asail, miúileanna agus ráinigh, atá beo
01.44	Camaill agus camalóidí, atá beo
01.44.0	Camaill agus camalóidí, atá beo
01.44.00	Camaill agus camalóidí, atá beo
01.45	Caoirigh agus gabhair, atá beo; bainne amh agus olann lomtha ó chaoirigh agus ó ghabhair
01.45.1	Caoirigh agus gabhair, atá beo
01.45.11	Caoirigh, atá beo
01.45.12	Gabhair, atá beo
01.45.2	Bainne amh ó chaoirigh agus ó ghabhair
01.45.21	Bainne amh ó chaoirigh

Cód	Ceannteideal
01.45.22	Bainne amh ó ghabhair
01.45.3	Olann lomtha ó chaoirigh agus ó ghabhair, amholann
01.45.30	Olann lomtha ó chaoirigh agus ó ghabhair, amholann
01.46	Mucra, atá beo
01.46.0	Mucra, atá beo
01.46.00	Mucra, atá beo
01.47	Éanlaith chlóis, atá beo agus a gcuid uibheacha
01.47.1	Éanlaith chlóis, atá beo
01.47.11	Sicíní, atá beo
01.47.12	Turcaithe, atá beo
01.47.13	Géanna, atá beo
01.47.14	Lachain agus éanlaith ghuine, atá beo
01.47.15	Éanlaith chlóis eile, atá beo
01.47.2	Uibheacha sna blaoscanna, atá úr
01.47.21	Uibheacha ó chearca sna blaoscanna, atá úr
01.47.22	Uibheacha ó éanlaith chlóis eile, sna blaoscanna, atá úr
01.47.23	Uibheacha goir ó chearca
01.47.24	Uibheacha goir, ó éanlaith chlóis eile
01.48	Ainmhithe agus táirgí ainmhithe eile
01.48.1	Ainmhithe eile, atá beo
01.48.11	Coiníní, atá beo
01.48.12	Éin eile, atá beo
01.48.13	Reiptílí, atá beo
01.48.14	Beacha, atá beo
01.48.19	Ainmhithe eile, atá beo, nach n-aicmítear in áit ar bith eile
01.48.2	Táirgí eile ainmhithe feirme
01.48.21	Mil aiceanta
01.48.22	Bainne amh eile
01.48.23	Seilidí, atá úr, fuaraithe, reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile, seachas seilidí mara
01.48.24	Táirgí inite eile de bhunadh ainmhíoch feirme
01.48.25	Cocúin seiriceáin atá oiriúnach lena dtochras
01.48.26	Céaracha feithidí agus spermaceti, bídís scagtha nó daite nó ná bídís
01.48.27	Suthanna ainmhithe lena n-atáirgeadh
01.48.28	Táirgí eile neamh-ite de bhunadh ainmhíoch feirme
01.48.3	Seithí amha fionnaidh agus seithí agus craicne amha eile
01.48.31	Seithí amha fionnaidh, seachas uain a bhfuil fionnadh orthu
01.48.32	Seithí amha fionnaidh ó uain a bhfuil fionnadh orthu
01.48.33	Seithí agus craicne amha eile
01.6	Seirbhísí talmhaíochta agus feirmeoireachta ainmhithe

Cód	Ceannteideal
01.61	Seirbhísí tacaíochta do tháirgeadh barr
01.61.0	Seirbhísí tacaíochta do tháirgeadh barr
01.61.00	Seirbhísí tacaíochta do tháirgeadh barr
01.62	Seirbhísí tacaíochta do tháirgeadh ainmhithe; seirbhísí chun aoileach agus sciodar i gclós feirme a ullmhú le haghaidh táirgeadh fuinnimh
01.62.0	Seirbhísí tacaíochta do tháirgeadh ainmhithe; seirbhísí chun aoileach agus sciodar i gclós feirme a ullmhú le haghaidh táirgeadh fuinnimh
01.62.01	Seirbhísí tacaíochta do tháirgeadh ainmhithe
01.62.02	Seirbhísí chun aoileach agus sciodar i gclós feirme a ullmhú le haghaidh táirgeadh fuinnimh
01.63	Seirbhísí barr iarbhuainte agus seirbhísí próiseála síolta iomadaithe; seirbhísí chun sadhlais plandaí a ullmhú le haghaidh táirgeadh fuinnimh
01.63.0	Seirbhísí barr iarbhuainte agus seirbhísí próiseála síolta iomadaithe; seirbhísí chun sadhlais plandaí a ullmhú le haghaidh táirgeadh fuinnimh
01.63.01	Seirbhísí barr iarbhuainte agus seirbhísí próiseála síolta iomadaithe
01.63.02	Seirbhísí chun sadhlais plandaí a ullmhú le haghaidh táirgeadh fuinnimh
01.7	Fiach agus gaistiú agus seirbhísí gaolmhara
01.70	Fiach agus gaistiú agus seirbhísí gaolmhara
01.70.0	Fiach agus gaistiú agus seirbhísí gaolmhara
01.70.00	Fiach agus gaistiú agus seirbhísí gaolmhara
02	Táirgí foraoiseachta, lománaíochta agus seirbhísí gaolmhara
02.1	Crainn foraoise agus seirbhísí plandlainne
02.10	Crainn foraoise agus seirbhísí plandlainne
02.10.1	Plandaí crann foraoise beo; síolta crann foraoise
02.10.11	Plandaí crann foraoise beo
02.10.12	Síolta crann foraoise
02.10.2	Seirbhísí plandlainne crann foraoise
02.10.20	Seirbhísí plandlainne crann foraoise
02.10.3	Crainn foraoise
02.10.30	Crainn foraoise
02.2	Adhmad neamhchóirithe
02.20	Adhmad neamhchóirithe
02.20.0	Adhmad neamhchóirithe
02.20.01	Lomáin adhmaid bhuaircínigh
02.20.02	Lomáin adhmaid thrópaicigh
02.20.03	Lomáin adhmaid neamhbhuaircínigh eile
02.20.04	Connadh adhmaid bhuaircínigh
02.20.05	Connadh adhmaid neamhbhuaircínigh
02.3	Táirgí neamhadhmaid a fhásann go fiáin
02.30	Táirgí neamhadhmaid a fhásann go fiáin
02.30.1	Gumaí nádúrtha

Cód	Ceannteideal
02.30.11	Balata, gutta-percha, guayula, chicle agus gumaí nádúrtha comhchosúla
02.30.12	Leaic, balsaim agus gumaí agus roisíní nádúrtha eile
02.30.2	Corc nádúrtha, amh nó ullmhaithe go simplí
02.30.20	Corc nádúrtha, amh nó ullmhaithe go simplí
02.30.3	Codanna de phlandaí, féara, caonaigh agus léicin atá oiriúnach chun críoch ornáideach
02.30.30	Codanna de phlandaí, féara, caonaigh agus léicin atá oiriúnach chun críoch ornáideach
02.30.4	Táirgí inite a fhásann go fiáin
02.30.40	Táirgí inite a fhásann go fiáin
02.4	Seirbhísí tacaíochta don fhoraoiseacht
02.40	Seirbhísí tacaíochta don fhoraoiseacht
02.40.0	Seirbhísí tacaíochta don fhoraoiseacht
02.40.00	Seirbhísí tacaíochta don fhoraoiseacht
03	Iasc agus táirgí eile iascaireachta; táirgí dobharshaothraithe; seirbhísí tacaíochta don iascaireacht
03.0	Iasc agus táirgí eile iascaireachta; táirgí dobharshaothraithe; seirbhísí tacaíochta don iascaireacht
03.00	Iasc agus táirgí eile iascaireachta; táirgí dobharshaothraithe; seirbhísí tacaíochta don iascaireacht
03.00.1	Éisc, bheo, nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine
03.00.11	Éisc ornáideacha, atá fiáin
03.00.12	Éisc ornáideacha, atá saothraithe
03.00.13	Éisc bheo eile, atá fiáin, nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine
03.00.14	Éisc bheo eile, atá saothraithe, nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine
03.00.2	Éisc bheo, atá úr nó fuaraithe, iad ceaptha mar bhia don duine
03.00.21	Éisc bheo, atá úr nó fuaraithe, iad ceaptha mar bhia don duine, iasc muirí, nach bhfuil saothraithe
03.00.22	Éisc bheo atá úr nó fuaraithe, iad ceaptha mar bhia don duine, iasc fionnuisce, nach bhfuil saothraithe
03.00.23	Éisc bheo, atá úr nó fuaraithe, iad ceaptha mar bhia don duine, iasc muirí, saothraithe
03.00.24	Éisc bheo, atá úr nó fuaraithe, iad ceaptha mar bhia don duine, iasc fionnuisce, saothraithe
03.00.3	Crústaigh, nach bhfuil reoite
03.00.31	Crústaigh, nach bhfuil reoite, nach bhfuil saothraithe
03.00.32	Crústaigh, nach bhfuil reoite, atá saothraithe
03.00.4	Moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile, atá beo, úr nó fuaraithe
03.00.41	Oisrí, atá beo, úr nó fuaraithe, nach bhfuil saothraithe
03.00.42	Moilisc eile, atá beo, úr nó fuaraithe, nach bhfuil saothraithe
03.00.43	Oisrí, atá beo, úr nó fuaraithe, atá saothraithe
03.00.44	Moilisc eile, atá beo, úr nó fuaraithe, atá saothraithe
03.00.45	Inveirteabraigh uisceacha eile, atá beo, úr nó fuaraithe, atá saothraithe
03.00.46	Inveirteabraigh uisceacha eile, atá beo, úr nó fuaraithe, nach bhfuil saothraithe
03.00.5	Péarlaí, neamhshaoirsithe
03.00.51	Péarlaí nádúrtha, neamhshaoirsithe
03.00.52	Péarlaí saothraithe, neamhshaoirsithe
03.00.6	Plandaí uisceacha eile, ainmhithe uisceacha eile agus a dtáirgí

Cód	Ceannteideal
03.00.61	Coiréal agus táirgí comhchosúla, sliogáin moileasc, crústach nó eicínideirmeach agus cnámh cudail
03.00.62	Múscáin nádúrtha de bhunadh ainmhíoch
03.00.63	Feamainn agus algaí eile atá ceaptha mar bhia don duine, iad fiáin
03.00.64	Feamainn agus algaí eile atá ceaptha mar bhia don duine, iad saothraithe
03.00.65	Feamainn agus algaí eile nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine, iad fiáin
03.00.66	Feamainn agus algaí eile nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine, iad saothraithe
03.00.69	Plandaí uisceacha eile, ainmhithe uisceacha eile agus a dtáirgí nach n-aicmítear in áit ar bith eile
03.00.7	Seirbhísí tacaíochta don iascaireacht agus don dobharshaothrú
03.00.71	Seirbhísí tacaíochta don iascaireacht
03.00.72	Seirbhísí tacaíochta don dobharshaothrú
B	MIANADÓIREACHT AGUS CAIRÉALACHT
05	Gual agus lignít
05.1	Gual crua agus gual eile
05.10	Gual crua agus gual eile
05.10.0	Gual crua agus gual eile
05.10.01	Antraicít
05.10.02	Gual biotúmanach agus gual eile
05.2	Lignít
05.20	Lignít
05.20.0	Lignít
05.20.00	Lignít
06	Amhola agus gás nádúrtha
06.1	Amhola
06.10	Amhola
06.10.1	Olaí peitriliam agus olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha, iad amh
06.10.11	Comhdhlútháin gáis nádúrtha
06.10.12	Olaí peitriliam eile agus olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha, iad amh
06.10.2	Sceall biotúmanach nó sceall ola agus gainimh tharra
06.10.20	Sceall biotúmanach nó sceall ola agus gainimh tharra
06.2	Gás nádúrtha, leachtaithe nó i staid ghásach
06.20	Gás nádúrtha, leachtaithe nó i staid ghásach
06.20.0	Gás nádúrtha, leachtaithe nó i staid ghásach
06.20.00	Gás nádúrtha, leachtaithe nó i staid ghásach
07	Mianta miotail
07.1	Amhiarann
07.10	Amhiarann
07.10.0	Amhiarann
07.10.00	Amhiarann

Cód	Ceannteideal
07.2	Mianta miotail neamhfheiriúla
07.21	Mianta úráiniam agus tóiriam
07.21.0	Mianta úráiniam agus tóiriam
07.21.00	Mianta úráiniam agus tóiriam
07.29	Mianta miotail neamhfheiriúla eile agus tiúcháin díobh
07.29.0	Mianta miotail neamhfheiriúla eile agus tiúcháin díobh
07.29.01	Mianta copair agus tiúcháin díobh
07.29.02	Mianta nicile agus tiúcháin díobh
07.29.03	Mianta alúmanaim agus tiúcháin díobh
07.29.04	Mianta miotail lómhair agus tiúcháin díobh
07.29.05	Mianta luaidhe, since agus stáin agus tiúcháin díobh
07.29.09	Mianta miotail neamhfheiriúla eile agus tiúcháin díobh nach n-aicmítear in áit ar bith eile
08	Táirgí eile mianadóireachta agus cairéalachta
08.1	Cloch, gaineamh agus cré
08.11	Cloch ornáideach, aolchloch, gipseam, slinn agus cloch eile
08.11.1	Aolchloch agus gipseam
08.11.10	Aolchloch agus gipseam
08.11.2	Cailc agus dolaimít neamhchailcínithe
08.11.20	Cailc agus dolaimít neamhchailcínithe
08.11.3	Cloch eile ornáideach nó thógála
08.11.31	Marmar agus cloch chailcreach ornáidíochta nó thógála eile
08.11.32	Eibhear, gaineamhchloch agus cloch ornáidíochta nó cloch thógála eile
08.11.4	Slinn
08.11.40	Slinn
08.11.5	Cloch bhrúite, gráinníní, sliseanna agus púdar
08.11.50	Cloch bhrúite, gráinníní, sliseanna agus púdar
08.12	Gairbhéal, gaineamh, cré agus caoilín
08.12.1	Gairbhéal agus gaineamh
08.12.11	Gaineamh silice agus gaineamh grianchloiche
08.12.12	Gainimh nádúrtha eile
08.12.13	Púróga agus gairbhéal
08.12.14	Meascáin slaige agus dramhtháirgí tionsclaíocha comhchosúla, bíodh púróga, gairbhéal, scaineagán agus breochloch lena n-úsáid chun críoch foirgníochta ionchorpraithe ann nó ná bíodh
08.12.2	Cré agus caoilín
08.12.21	Caoilín agus cré chaoilíneach eile
08.12.22	Cré eile, andalúisít, ciainít agus silliminít; muilít; chamotte nó ithreacha dinas
08.9	Táirgí mianadóireachta agus cairéalachta nach n-aicmítear in áit ar bith eile
08.91	Mianraí ceimiceacha agus mianraí leasacháin
08.91.0	Mianraí ceimiceacha agus mianraí leasacháin

Cód	Ceannteideal
08.91.01	Cailciam nádúrtha nó fosfáití cailciam alúmanaim
08.91.02	Pirítí iarainn neamhrósta; sulfar amh nó neamhscagtha
08.91.09	Mianraí ceimiceacha agus leasacháin nach n-aicmítear in áit ar bith eile
08.92	Móin
08.92.0	Móin
08.92.00	Móin
08.93	Salann agus clóiríd sóidiam íon; uisce mara
08.93.0	Salann agus clóiríd sóidiam íon; uisce mara
08.93.00	Salann agus clóiríd sóidiam íon; uisce mara
08.99	Táirgí eile mianadóireachta agus cairéalachta nach n-aicmítear in áit ar bith eile
08.99.1	Biotúman agus asfalt, iad nádúrtha; asfailtítí agus carraig asfaltach
08.99.10	Biotúman agus asfalt, iad nádúrtha; asfailtítí agus carraig asfaltach
08.99.2	Clocha lómhara agus scothlómhara; diamaint thionsclaíocha, iad neamhshaoirsithe nó sáfa, scoilte nó garbhchumtha amháin; slíogart; éimear; corandam nádúrtha, gairnéad nádúrtha agus scríobaigh nádúrtha eile; mianraí eile
08.99.21	Clocha lómhara agus scothlómhara, iad neamhshaoirsithe nó sáfa nó garbhchumtha amháin
08.99.22	Diamaint thionsclaíocha, iad neamhshaoirsithe nó sáfa, scoilte nó garbhchumtha amháin; slíogart; éimear; corandam nádúrtha, gairnéad nádúrtha agus scríobaigh nádúrtha eile
08.99.23	Mianraí eile
09	Seirbhísí tacaíochta mianadóireachta
09.1	Seirbhísí tacaíochta d'eastóscadh peitriliam agus gáis nádúrtha
09.10	Seirbhísí tacaíochta d'eastóscadh peitriliam agus gáis nádúrtha
09.10.0	Seirbhísí tacaíochta d'eastóscadh peitriliam agus gáis nádúrtha
09.10.01	Seirbhísí druileála d'eastóscadh peitriliam agus gáis nádúrtha
09.10.02	Seirbhísí tógála, deisithe agus díchóimeála deirge agus seirbhísí tacaíochta gaolmhara d'eastóscadh peitriliam agus gáis nádúrtha
09.10.03	Seirbhísí leachtaithe agus athghásaithe gáis nádúrtha le haghaidh iompair arna ndéanamh ag láithreán an mhianaigh
09.9	Seirbhísí tacaíochta do mhianadóireacht agus do chairéalacht eile
09.90	Seirbhísí tacaíochta do mhianadóireacht agus do chairéalacht eile
09.90.0	Seirbhísí tacaíochta do mhianadóireacht agus do chairéalacht eile
09.90.01	Seirbhísí tacaíochta d'eastóscadh guail chrua
09.90.02	Seirbhísí tacaíochta do mhianadóireacht mianta miotail
09.90.09	Seirbhísí tacaíochta do mhianadóireacht agus do chairéalacht eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
C	TÁIRGÍ MONARAITHE
10	Táirgí bia
10.1	Feoil leasaithe agus táirgí feola leasaithe
10.11	Feoil phróiseáilte agus leasaithe, seachas éineoil
10.11.1	Feoil ó bhó-ainmhithe, mucra, caoirigh, gabhair, capaill agus ainmhithe eile eachaí, atá úr nó fuaraithe
10.11.11	Feoil ó bhó-ainmhithe, atá úr nó fuaraithe

Cód	Ceannteideal
10.11.12	Feoil ó mhucra, atá úr nó fuaraithe
10.11.13	Feoil ó chaoirigh, atá úr nó fuaraithe
10.11.14	Feoil ó ghabhair, atá úr nó fuaraithe
10.11.15	Feoil ó chapaill agus ainmhithe eile eachaí, atá úr nó fuaraithe
10.11.2	Scairteach inite ó bhó-ainmhithe, mucra, caoirigh, gabhair, capaill agus ainmhithe eile eachaí, atá úr nó fuaraithe
10.11.20	Scairteach inite ó bhó-ainmhithe, mucra, caoirigh, gabhair, capaill agus ainmhithe eile eachaí, atá úr nó fuaraithe
10.11.3	Feoil reoite agus scairteach feola inite reoite; feoil agus scairteach feola inite eile
10.11.31	Feoil ó bhó-ainmhithe, atá reoite
10.11.32	Feoil ó mhucra, atá reoite
10.11.33	Feoil ó chaoirigh, atá reoite
10.11.34	Feoil ó ghabhair, atá reoite
10.11.35	Feoil ó chapaill agus ó ainmhithe eile eachaí, atá reoite
10.11.36	Feoil agus scairteach feola inite eile, atá úr, fuaraithe nó reoite
10.11.4	Olann ó chaoirigh mharbha agus seithí agus craicne amha ó bhó-ainmhithe nó ó each-ainmhithe, ó chaoirigh agus ó ghabhair
10.11.41	Olann ó chaoirigh mharbha, amholann
10.11.42	Seithí agus craicne amha iomlána ó bhó-ainmhithe nó ó eachainmhithe
10.11.43	Seithí agus craicne amha eile ó bhó-ainmhithe nó ó eachainmhithe
10.11.44	Seithí agus craicne amha ó chaoirigh nó ó uain
10.11.45	Seithí agus craicne amha ó ghabhair nó ó mheannáin
10.11.5	Saillte ó bhó-ainmhithe, caoirigh, gabhair nó muca
10.11.50	Saillte ó bhó-ainmhithe, caoirigh, gabhair nó muca
10.11.6	Scairteach amh, do-ite
10.11.60	Scairteach amh, do-ite
10.11.9	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonaraíocht feola próiseáilte agus leasaithe, seachas éineoil
10.11.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonaraíocht feola próiseáilte agus leasaithe, seachas éineoil
10.12	Éineoil phróiseáilte agus leasaithe
10.12.1	Feoil éanlaithe clóis, atá úr nó fuaraithe
10.12.10	Feoil éanlaithe clóis, atá úr nó fuaraithe
10.12.2	Feoil éanlaithe clóis, atá reoite
10.12.20	Feoil éanlaithe clóis, atá reoite
10.12.3	Saillte éanlaithe clóis
10.12.30	Saillte éanlaithe clóis
10.12.4	Scairteach inite ó éanlaith chlóis
10.12.40	Scairteach inite ó éanlaith chlóis
10.12.5	Cleití agus craicne éan ar a bhfuil cleití
10.12.50	Cleití agus craicne éan ar a bhfuil cleití

Cód	Ceannteideal
10.12.9	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonaraíocht éanlaithe clóis phróiseáilte agus leasaithe
10.12.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonaraíocht éanlaithe clóis phróiseáilte agus leasaithe
10.13	Subha agus ullmhóidí ó fheoil, ó mhiodamas feola nó ó fhuil
10.13.1	Subha agus ullmhóidí ó fheoil, ó mhiodamas feola nó ó fhuil
10.13.11	Muiceoil, gearrthacha, atá saillte, triomaithe nó deataithe
10.13.12	Feoil ó bhó-ainmhithe, atá saillte, triomaithe nó deataithe
10.13.13	Feoil agus scairteach feola inite eile, atá saillte, faoi sháile, triomaithe nó deataithe; plúr agus min inite ó fheoil nó ó mhiodamas feola
10.13.14	Ispíní agus táirgí dá samhail ó fheoil, ó mhiodamas feola nó ó fhuil
10.13.15	Feoil, scairteach feola, nó fuil eile, atá ullmhaithe nó leasaithe
10.13.16	Plúr, min agus millíní ó fheoil, atá mí-oiriúnach mar bhia don duine; geirdheascadh
10.13.9	Seirbhísí cócaireachta agus ullmhúcháin eile a bhaineann le táirgeadh táirgí feola; oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú subh agus ullmhóidí feola, scairtí feola nó fola
10.13.91	Seirbhísí cócaireachta agus ullmhúcháin eile chun táirgí feola a tháirgeadh
10.13.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú leasaithe agus ullmhóidí feola, scairtí feola nó fola
10.2	Éisc, crústaigh agus moilisc phróiseáilte agus leasaithe
10.20	Éisc, crústaigh agus moilisc phróiseáilte agus leasaithe
10.20.1	Éisc, atá úr, fuaraithe nó reoite
10.20.11	Filléid éisc agus feoil éisc eile, bídís mionaithe nó ná bídís, iad úr nó fuaraithe
10.20.12	Aenna agus eochraí ó éisc, atá úr nó fuaraithe
10.20.13	Éisc, atá reoite
10.20.14	Filléid éisc, atá reoite
10.20.15	Feoil éisc eile, bídís mionaithe nó ná bídís, atá reoite
10.20.16	Aenna agus eochraí ó éisc, atá reoite
10.20.2	Éisc, atá ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile; caibhéar agus ionadaigh caibhéair
10.20.21	Filléid éisc, iad triomaithe, saillte nó faoi sháile, ach gan bheith deataithe
10.20.22	Aenna, eochraí, eití, cloigne, eireabaill, abomasaim agus scairteach inite eile ó éisc, atá triomaithe, deataithe, saillte nó faoi sháile; plúr, min agus millíní éisc, atá oiriúnach mar bhia don duine
10.20.23	Éisc, atá triomaithe, bídís saillte nó ná bídís, nó faoi sháile
10.20.24	Éisc, atá deataithe
10.20.25	Éisc, atá ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile
10.20.26	Caibheár agus ionadaigh chaibheáir
10.20.3	Crústaigh, moilisc, feamainn agus inveirteabraigh uisceacha eile, atá reoite, ullmhaithe nó leasaithe
10.20.31	Crústaigh, atá reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile
10.20.32	Moilisc, atá reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile
10.20.33	Inveirteabraigh uisceacha eile agus feamainn, atá reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile

Cód	Ceannteideal
10.20.34	Crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile agus feamainn, atá ullmhaithe nó leasaithe ar shlí eile
10.20.4	Plúir, min agus millíní, atá mí-oiriúnach mar bhia don duine, agus táirgí eile éisc nó crústach, moileasc nó inveirteabrach uisceach eile nó feamainne
10.20.41	Plúir, min agus millíní éisc, crústaigh, moilisc nó inveirteabraigh uisceacha eile nó feamainn, atá mí-oiriúnach mar bhia don duine
10.20.42	Táirgí do-ite éisc, crústach, moileasc nó inveirteabrach uisceach eile nó feamainne
10.20.9	Deatú agus seirbhísí eile leasaithe agus ullmhúcháin a bhaineann le monarú táirgí éisc; oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú éisc, crústach agus moileasc próiseáilte agus leasaithe
10.20.91	Deatú agus seirbhísí eile leasaithe agus ullmhúcháin a bhaineann le monarú táirgí éisc
10.20.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú éisc, crústach agus moileasc próiseáilte agus leasaithe
10.3	Torthaí agus glasraí próiseáilte agus leasaithe
10.31	Prátaí próiseáilte agus leasaithe
10.31.1	Prátaí próiseáilte agus leasaithe
10.31.11	Prátaí, atá reoite
10.31.12	Prátaí triomaithe bídís gearrtha nó slisnithe nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu
10.31.13	Prátaí triomaithe i bhfoirm plúir, mine, calóg, gráinníní agus millíní
10.31.14	Prátaí ullmhaithe nó leasaithe
10.31.9	Seirbhísí cócaireachta agus ullmhúcháin eile prátaí agus táirgí prátaí; oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú prátaí próiseáilte agus leasaithe
10.31.91	Seirbhísí cócaireachta agus ullmhúcháin eile prátaí agus táirgí prátaí
10.31.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú prátaí próiseáilte agus leasaithe
10.32	Súnna torthaí agus súnna glasraí
10.32.1	Súnna torthaí agus súnna glasraí
10.32.11	Sú tráta
10.32.12	Sú oráiste
10.32.13	Sú seadóige
10.32.14	Sú anainn
10.32.15	Sú fíonchaor
10.32.16	Sú úill
10.32.17	Meascán de shúnna torthaí agus glasraí
10.32.18	Súnna torthaí agus glasraí eile
10.32.9	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonaraíocht súnna torthaí agus glasraí
10.32.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonaraíocht súnna torthaí agus glasraí
10.39	Torthaí agus glasraí próiseáilte agus leasaithe eile
10.39.1	Glasraí próiseáilte agus leasaithe, seachas prátaí
10.39.11	Glasraí, reoite
10.39.12	Glasraí atá leasaithe go sealadach

Cód	Ceannteideal
10.39.13	Glasraí triomaithe
10.39.14	Glasraí agus torthaí gearrtha agus pacáistithe
10.39.15	Pónairí, atá leasaithe ar shlí eile seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, seachas béilí glasraí réamhullmhaithe
10.39.16	Piseanna, atá leasaithe ar shlí eile seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, seachas béilí glasraí réamhullmhaithe
10.39.17	Glasraí eile (seachas prátaí) atá leasaithe ar shlí eile seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, seachas béilí glasraí réamhullmhaithe
10.39.18	Glasraí (seachas prátaí), torthaí, cnónna agus codanna inite eile de phlandaí, atá ullmhaithe nó leasaithe le fínéagar nó le haigéad aicéiteach
10.39.2	Torthaí agus cnónna próiseáilte agus leasaithe
10.39.21	Torthaí agus cnónna, gan chócaráil nó cócaráilte, reoite
10.39.22	Subha, glóthacha torthaí, agus purée torthaí nó cnónna agus leafaos torthaí nó cnónna
10.39.23	Cnónna, piseanna talún, atá rósta nó saillte nó ullmhaithe ar shlí eile
10.39.24	Torthaí agus cnónna, atá leasaithe go sealadach, nach féidir iad a ithe díreach sa staid sin
10.39.25	Piseanna talún agus cnónna, scilligthe
10.39.26	Torthaí agus cnónna eile atá ullmhaithe, triomaithe nó leasaithe
10.39.3	Ábhair ghlasraí agus fuíollábhar glasraí, iarmhair ghlasraí agus fotháirgí glasraí
10.39.30	Ábhair ghlasraí agus fuíollábhar glasraí, iarmhair ghlasraí agus fotháirgí glasraí
10.39.9	Seirbhísí cócaireachta agus ullmhúcháin eile chun torthaí agus glasraí a leasú oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú torthaí agus glasraí próiseáilte agus leasaithe eile
10.39.91	Seirbhísí cócaireachta agus ullmhúcháin eile chun torthaí agus glasraí a leasú
10.39.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú torthaí agus glasraí próiseáilte agus leasaithe eile
10.4	Olaí agus saillte plandúla agus ainmhíocha
10.41	Olaí agus saillte
10.41.1	Olaí agus saillte ainmhíocha, a gcodáin, atá amh
10.41.11	Stéirin blonaige, ola bhlonaige, oiléistéirin, ola-oilé agus ola gheire, nach bhfuil eiblithe ná measctha ná ullmhaithe ar bhealach eile
10.41.12	Saillte agus olaí agus a gcodáin, ó éisc nó ó mhamaigh mhuirí
10.41.13	Saillte agus olaí ainmhíocha eile agus a gcodáin, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach
10.41.2	Olaí plandúla, atá amh
10.41.21	Ola na pise talún, atá amh
10.41.22	Ola olóige, atá amh
10.41.23	Ola lus na gréine, atá amh
10.41.24	Ola ráibe, ola colsa nó ola mhustaird, atá amh
10.41.25	Ola phailme, amh
10.41.26	Olaí plandúla eile, amh
10.41.3	Clúimh chadáis
10.41.30	Clúimh chadáis

Cód	Ceannteideal
10.41.4	Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, de shaillte nó d'olaí plandúla; plúir agus min ó shíolta ola nó ó thorthaí olúla
10.41.41	Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, de shaillte nó d'olaí plandúla
10.41.42	Plúir agus min ó shíolta ola nó ó thorthaí olúla, seachas iad siúd ó mhustard
10.41.5	Olaí scagtha, seachas iarmhair
10.41.51	Ola phónaire shoighe agus a codáin, iad scagtha ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach
10.41.52	Ola pise talún agus a codáin, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach
10.41.53	Ola olóige agus a codáin, iad scagtha ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach
10.41.54	Ola lus na gréine agus a codáin, iad scagtha ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach
10.41.55	Ola shíol cadáis agus a codáin, iad scagtha ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach
10.41.56	Ola ráibe, ola colsa agus ola mhustaird agus a gcodáin, iad scagtha ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach
10.41.57	Ola pailme agus a codáin, iad scagtha ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach
10.41.58	Ola chnó cócó agus a codáin, iad scagtha ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach
10.41.59	Olaí eile agus a gcodáin, iad scagtha ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach; saillte plandúla do-ghalaithe agus olaí plandúla eile (seachas ola arbhair indiaigh) agus a gcodáin nach n-aicmítear in áit ar bith eile, iad scagtha ach gan a bheith modhnaithe go ceimiceach
10.41.6	Saillte nó olaí ainmhíocha nó plandúla agus a gcodáin, iad hidriginithe, eistearaithe, ach gan ullmhú thairis sin orthu
10.41.60	Saillte nó olaí ainmhíocha nó plandúla agus a gcodáin, iad hidriginithe, eistearaithe, ach gan ullmhú thairis sin orthu
10.41.7	Céaracha plandúla; déigreás; iarmhair a thagann ó shubstaintí sailleacha nó céaracha ainmhíocha nó plandúla a chóireáil
10.41.71	Céaracha plandúla
10.41.72	Déigreas; iarmhair a thagann ó shubstaintí sailleacha nó céaracha ainmhíocha nó plandúla a chóireáil
10.41.9	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú olaí agus saillte
10.41.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú olaí agus saillte
10.42	Margairín agus saillte inite comhchosúla
10.42.1	Margairín agus saillte inite comhchosúla
10.42.10	Margairín agus saillte inite comhchosúla
10.42.9	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú margairín agus saillte inite comhchosúla
10.42.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú margairín agus saillte inite comhchosúla
10.5	Táirgí déiríochta agus oighir inite
10.51	Táirgí déiríochta agus cáise
10.51.1	Bainne agus uachtar leachtach próiseáilte
10.51.11	Bainne leachtach próiseáilte de < 6 % saill
10.51.12	Bainne agus uachtar ina bhfuil cion saille is mó ná 6 %, nach bhfuil tiubhaithe ná milsithe
10.51.2	Bainne agus uachtar i bhfoirmeacha soladacha
10.51.21	Púdar bainne agus uachtair bhearrtha
10.51.22	Púdar bainne agus uachtair iomláin

Cód	Ceannteideal
10.51.3	Im agus leatháin déiríochta
10.51.30	Im agus leatháin déiríochta
10.51.4	Cáis agus gruth
10.51.40	Cáis agus gruth
10.51.5	Táirgí déiríochta eile
10.51.51	Bainne agus uachtar, atá tiubhaithe nó a bhfuil siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo, seachas i bhfoirmeacha soladacha
10.51.52	Iógart agus bainne nó uachtar coipthe nó aigéadaithe eile
10.51.53	Deochanna bainnebhunaithe
10.51.54	Cáiséin
10.51.55	Lachtós agus síoróip lachtóis
10.51.56	Meadhg
10.51.59	Táirgí déiríochta eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
10.51.9	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú táirgí déiríochta agus cáise
10.51.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú táirgí déiríochta agus cáise
10.52	Uachtar reoite agus oighear inite eile
10.52.1	Uachtar reoite agus oighear inite eile
10.52.10	Uachtar reoite agus oighear inite eile
10.52.9	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú uachtair reoite agus oighir inite eile
10.52.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú uachtair reoite agus oighir inite eile
10.6	Táirgí muilinn gráin, stáirsí agus táirgí stáirse
10.61	Táirgí muilinn gráin
10.61.1	Rís, leathmheilte nó lánmheilte, nó scilligthe nó briste
10.61.11	Rís scilligthe
10.61.12	Rís, leathmheilte nó lánmheilte nó bhriste
10.61.2	Plúr gránaigh agus glasraí; meascáin díobh
10.61.21	Plúr cruithneachta nó maislín
10.61.22	Plúr gránaigh eile
10.61.23	Plúr agus min ghlasraí
10.61.24	Meascáin agus taos chun táirgí bácúis a ullmhú
10.61.3	Piocuaran, min agus millíní agus táirgí gránach gránaigh eile
10.61.31	Piocuaran agus min chruithneachta
10.61.32	Piocuaran gránaigh, min agus millíní eile
10.61.33	Gránaigh bhricfeasta agus táirgí gránach gránaigh eile
10.61.4	Bran, géaráin agus iarmhair eile ó ghránaigh a oibriú
10.61.40	Bran, géaráin agus iarmhair eile ó ghránaigh a oibriú
10.61.9	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú táirgí muilinn gráin
10.61.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú táirgí muilinn gráin

Cód	Ceannteideal
10.62	Stáirsí agus táirgí stáirse
10.62.1	Stáirsí agus táirgí stáirse; siúcraí agus síoróipí siúcra eile
10.62.11	Stáirsí; ionúilin; glútan cruithneachta; deistriní agus stáirsí modhnaithe eile
10.62.12	Taipióca agus ionadaigh de atá ullmhaithe as stáirse i gcalóga, gráinní, péarlaí agus a leithéidí
10.62.13	Glúcós agus síoróip ghlúcóis; fruchtós agus síoróip fruchtóis; siúcra inbhéartaithe; siúcraí agus síoróipí siúcra eile
10.62.14	Ola arbhair indiaigh
10.62.2	Iarmhair ó mhonarú stáirse agus iarmhair chomhchosúla
10.62.20	Iarmhair ó mhonarú stáirse agus iarmhair chomhchosúla
10.62.9	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonaraíocht stáirsí agus táirgí stáirse
10.62.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonaraíocht stáirsí agus táirgí stáirse
10.7	Táirgí bácúis agus plúrmhara
10.71	Arán, earraí úra taosráin agus cácaí
10.71.1	Arán, earraí úra taosráin agus cácaí
10.71.11	Arán úr
10.71.12	Earraí úra taosráin agus cácaí
10.71.9	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú aráin, earraí úra taosráin agus cácaí
10.71.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú aráin, earraí úra taosráin agus cácaí
10.72	Roscaí agus brioscaí; earraí taosráin agus cácaí leasaithe
10.72.1	Roscaí agus brioscaí; earraí taosráin agus cácaí leasaithe
10.72.11	Arán briosc, roscaí, arán tóstáilte agus táirgí tóstáilte comhchosúla
10.72.12	Arán sinséir agus a leithéidí; brioscaí milse; vaiféil agus sliseoga
10.72.13	Earraí báicéara tirime nó leasaithe eile
10.72.9	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú roscaí agus brioscaí; earraí taosráin agus cácaí leasaithe
10.72.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú roscaí agus brioscaí; earraí taosráin agus cácaí leasaithe
10.73	Macaróin, núdail, cúscús agus táirgí plúrmhara comhchosúla
10.73.1	Macaróin, núdail, cúscús agus táirgí plúrmhara comhchosúla
10.73.11	Macaróin, núdail agus táirgí fairíneacha comhchosúla
10.73.12	Cúscús
10.73.9	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú macarón, núdal, cúscúis agus táirgí plúrmhara comhchosúla
10.73.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú macarón, núdal, cúscúis agus táirgí plúrmhara comhchosúla
10.8	Táirgí bia eile
10.81	Siúcra
10.81.1	Siúcra cána nó biatais amh nó scagtha; molás
10.81.11	Siúcra cána nó biatais amh, i bhfoirm sholadach

Cód	Ceannteideal
10.81.12	Siúcra cána nó biatais scagtha agus súcrós íon ó thaobh ceimice, i bhfoirm sholadach, nach bhfuil ábhar blaistithe ná dathúcháin curtha leis
10.81.13	Siúcra cána nó biatais scagtha, a bhfuil ábhar blaistithe ná dathúcháin curtha leis; siúcra mailpe agus síoróip mhailpe
10.81.14	Moláis
10.81.2	Laíon biatais, bagás agus dramhaíl eile ó mhonarú siúcra
10.81.20	Laíon biatais, bagás agus dramhaíl eile ó mhonarú siúcra
10.81.9	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú siúcra
10.81.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú siúcra
10.82	Cócó, seacláid agus milseogra siúcra
10.82.1	Leafaos cócó, bíodh sé díshaillte nó ná bíodh, im cócó, saill agus ola, púdar cócó
10.82.11	Leafaos cócó, bíodh sé díshaillte nó ná bíodh
10.82.12	Im cócó, saill chócó agus ola chócó
10.82.13	Púdar cócó, nach bhfuil siúcra breise ná ábhar milsiúcháin eile ann
10.82.14	Púdar cócó, a bhfuil siúcra breise nó ábhar milsithe eile curtha leis
10.82.2	Seacláid agus milseogra siúcra
10.82.21	Seacláid agus ullmhóidí bia eile ina bhfuil cócó (seachas púdar cócó milsithe), i mbulc
10.82.22	Seacláid agus ullmhóidí bia eile ina bhfuil cócó (seachas púdar cócó milsithe a), seachas i mbulc
10.82.23	Milseogra siúcra, nach bhfuil cócó iontu
10.82.24	Torthaí, cnónna, craiceann torthaí agus codanna eile de phlandaí, leasaithe le siúcra
10.82.3	Blaoscanna, mogaill agus craicne cócó agus fuíoll eile cócó
10.82.30	Blaoscanna, mogaill agus craicne cócó agus fuíoll eile cócó
10.82.9	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú cócó, seacláide agus milseogra siúcra
10.82.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú cócó, seacláide agus milseogra siúcra
10.83	Tae agus caife próiseáilte
10.83.1	Tae agus caife próiseáilte
10.83.11	Caife, díchaiféinithe nó rósta
10.83.12	Ionadaigh chaife; úisc, úscraí agus tiúchain chaife nó ionadaigh chaife; blaoscanna agus craicne caife
10.83.13	Tae glas (nach bhfuil coipthe), tae dubh (coipthe) agus tae atá coipthe go páirteach, i gcéadphacáistithe de mhéid is lú ná 3 kg nó comhionann leis
10.83.14	Úisc, úscraí, tiúcháin agus ullmhóidí ó thae nó ó mhaité
10.83.15	Insiltí luibhe
10.83.9	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú tae agus caife próiseáilte
10.83.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú tae agus caife próiseáilte
10.84	Tarsainn agus blastanais
10.84.1	Fínéagar; anlainn; tarsainn mheasctha; plúr mustaird nó min mhustaird; mustard ullmhaithe
10.84.11	Fínéagar agus ionadaigh fínéagair a fhaightear as aigéad aicéiteach

Cód	Ceannteideal
10.84.12	Anlainn; tarsainn mheasctha agus blastanais mheasctha; plúr mustaird agus min mhustaird agus mustard ullmhaithe
10.84.2	Spíosraí, próiseáilte
10.84.21	Piobar (speiceas Piper), próiseáilte
10.84.22	Cillithe agus piobair, tirim (speiceas Capsicum), próiseáilte
10.84.23	Cainéal (Canella), próiseáilte; spíosraí próiseáilte eile
10.84.3	Salann de ghrád bia
10.84.30	Salann de ghrád bia
10.84.9	Oibríochraí ar fochonradh mar chuid de mhonarú tarsann agus blastanas
10.84.99	Oibríochraí ar fochonradh mar chuid de mhonarú tarsann agus blastanas
10.85	Béilí agus miasa réamhullmhaithe
10.85.1	Béilí agus miasa réamhullmhaithe
10.85.11	Béilí agus miasa réamhullmhaithe bunaithe ar fheoil, scairteach feola, nó fuil
10.85.12	Béilí agus miasa réamhullmhaithe bunaithe ar éisc, crústaigh agus moilisc
10.85.13	Béilí agus miasa réamhullmhaithe bunaithe ar ghlasraí
10.85.14	Béilí agus miasa réamhullmhaithe bunaithe ar phasta
10.85.15	Miasa agus béilí réamhullmhaithe eile
10.85.9	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú béilí agus miasa réamhullmhaithe
10.85.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú béilí agus miasa réamhullmhaithe
10.86	Ullmhóidí homaiginithe bia agus bia dhiaitéitigh
10.86.1	Ullmhóidí homaiginithe bia agus bia dhiaitéitigh
10.86.10	Ullmhóidí homaiginithe bia agus bia dhiaitéitigh
10.86.9	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú ullmhóidí homaiginithe bia agus bia dhiaitéitigh
10.86.99	Oibríochtaí ar fochonradh mar chuid de mhonarú ullmhóidí homaiginithe bia agus bia dhiaitéitigh
